

Is iníon í Nóra de hÓir le Nóra Ní Dhálaigh, deirfiúr an Cheannfoirt Éamonn Ó Dálaigh, Ceannaire in Éirí Amach na Cásca 1916, agus duine den seisear déag a chuir na Sasanaigh chun báis i ndiaidh na troda.

Rugadh agus tógadh í i gCathair Luimnigh. D'fhreastail sí ar Mheánscoil Chnoc na Labhras agus ar Choláiste na Rinne. Bhain sí céim amach i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh agus bhí sí ina múinteoir meánscoile go dtí gur éirigh sí as an obair i 1988.

Bhain Nóra taitneamh agus sásamh as an mhúinteoireacht, d'ullmhaigh sí téacsanna don teagasc trí Ghaeilge agus bhí sí seal ina Rúnaí agus ina Cathaoirleach ar Chraobh na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge. Tá sí ina cónaí i nGaillimh ó 1949.


Tá altanna scríofa aici d'Irisleabhar Seandálaíochta Tuadh-Mhumhan ar sheirbhís na nDálach do chúis na hÉireann.

ISBN 0-9518567-4-X

£2.00
€2.54

CLÓ SAOIRSE —
IRISH FREEDOM PRESS

# Laochra Luimnigh




***Uí Dhálaigh Luimnigh agus Éirí Amach na Cásca 1916***

**Nóra de hÓir**

# Laochra Luimnigh

## Uí Dhálaigh Luimnigh agus Éirí Amach na Cásca 1916

Nóra de hÓir

Cló Saoirse – Irish Freedom Press

Foilsíodh in Éirinn, Feabhra 2001, ag
Cló Saoirse – Irish Freedom Press
223 Sráid Pharnell, Baile Átha Cliath 1

ISBN 0 9518567 4 x

Gach ceart ar cosaint

Dearadh clúdaigh le Níall Funge
Rinneadh an leabhar seo a dhearadh,
a leagan amach agus a chlóbhualadh ag
Elo Press Teoranta, Baile Átha Cliath, Éire.

Clúdach: An leacht in onóir do laochra na Cásca ar Dhroichead an tSáirséalaigh i Luimneach. Tá Éamonn de hÓir, athair an údair, Nóra de hÓir, chun tosaigh.

BA DHÁNA AGUS BA DHÍLIS a sheas Uí Dhálaigh Luimnigh riamh le muintir na hÉireann agus leis an náisiúnachas. Bhí Seán agus Éamonn, athair an Cheannfoirt Éamonn Ó Dálaigh, sna Fíníní. Go deimhin chaith an bheirt acu geimhreadh na bliana 1866 i bpríosún Luimnigh mar go bhfuarthas airm thine ina seilbh. Scaoileadh amach ar bannaí iad agus le linn dó bheith faoi bhannaí ghluais Seán mar aon le díorma d'Fhíníní as Luimneach le fogha a thabhairt faoin bheairic i gCill Mocheallóg agus sa chaoi sin tús a chur leis an Éirí Amach sa cheantar sin.

Nuair a theip ar an iarracht sin d'fhill Seán ar Luimneach agus ainneoin na póilíní bheith sa tóir air d'éirigh leis éalú leis go Meiriceá. Tar éis dó dhá bhliain a chaitheamh thall d'fhill sé ar Éirinn agus chrom sé láithreach ar an Bhráithreachas a atheagrú. Thaistil sé mórthimpeall na tíre agus é ag gníomhú mar thimire don eagraíocht sin. Le linn cuairte a thug sé ar Dhún Geanainn sa bhliain 1878 chuir sé aithne ar Thomás Ó Cléirigh. Ba mhór mar a chuaigh sé i gcion ar Thomás agus go gairid ina dhiaidh sin glacadh le Tomás sa Bhráithreachas.

Le linn do Sheán bheith ag gníomhú mar thimire don Bhráithreachas i Sasana gabhadh é, 11 Aibreán 1884 i mBirkenhead agus cuireadh ina leith go raibh ábhar pléascach á iompar aige. Cuireadh ar a thriail é i Warwick agus fritheadh ciontach é i dtréas feileonachta, d'ainneoin gur bhréagnaigh na daoine a thug fianaise ina aghaidh, ní hamháin a chéile ach fiú iad féin. Gearradh príosúnacht feadh a shaoil air.

Sa phríosún i Chatham dó casadh Tomás Ó Cléirigh arís air. Is amhlaidh a gabhadh Tomás an bhliain roimhe sin, 1883. Tharla gur chuir an brainse míleata de Chlan na Gael as Meiriceá é in éineacht leis an Dochtúir Ó Gallchóir le feachtas buamála a thionscnamh i Sasana. Ní raibh siad ach cúpla lá i Sasana agus gan tús curtha acu leis an bhfeachtas nuair a gabhadh iad agus, amhail Seán, cuireadh tréas feileonachta ina leith agus gearradh príosúnacht feadh a saoil orthu beirt.

Tá léargas tugtha ag Tomás sna hailt a scríobh sé, in "Irish



*An Ceannfort Éamonn Ó Dálaigh (1891-1916). Bhí sé i gceannas ar Chéad Chathlán Bhaile Átha Cliath a ghlac seilbh ar na Ceithre Cúirteanna le linn an Éirí Amach. Dúirt an sagart a bhí ina theannta agus é ag dul chun báis: "As I shook his hand for the last time I felt intensely all that was meant by marching out blindfolded to his death, such a gentle, noble, brave young Irishman." Básaíodh é ag Gallaibh, 4 Bealtaine 1916.*

Freedom" faoin teideal "Glimpses of an Irish Felon's Prison Life" agus a cuireadh i gcló i ndiaidh a bháis i bhfoirm leabhair ar an gcaoi a caitheadh leo sa phríosún. Ag labhairt dó faoi Sheán Ó Dálaigh agus na hÉireannaigh eile a bhí sa phríosún leis dúirt sé nach bhféadfadh sé fir ba chalma ná ba neamhspleáí a shantú ag troid lena thaobh in aghaidh an namhad.

Dúirt Seán féin go raibh an córas príosúnachta mídhaonna. Easpa chomhluadair ba mhó a chuir isteach air. Fear croíúil cairdiúil ba ea Seán. Ba bhreá leis caint is caidreamh lena chairde, deoch a ól leo agus amhrán a chasadh. Is féidir a shamhailt cé mar a chuaigh an córas mallaithe sin i bhfeidhm ar fhear dá shórt.

Sa bhliain 1886 d'admhaigh an Príomh-Chonstábla Farndale don Bhardsach Manton agus é ar leaba a bháis mar a shíl sé, gur cúisíodh Seán ar fhianaise bhréige. D'ainneoin gur scríobh Manton go dtí airí Rialtais agus daoine cáiliúla ar fud na Breataine agus fiú go Gladstone féin ag iarraidh orthu cás Uí Dhálaigh a athscrúdú tugadh an chluas bhodhar dó.

Chuir Seán Mac Réamainn suim i gcás Sheáin agus ba mhinic a thugadh sé cuairt air i bpríosún Portland. Ag labhairt dó sa pharlaimint i bhFeabhra na bliana 1892 dúirt an Réamannach nach bhféadfadh cás na ndeoraithe sa tSibéir bheith aon phioc níba mheasa ná cás na bpríosúnach Éireannach san áit dhamanta sin. Caitheadh leo a dúirt sé amhail ainmhithe iompair.

Le linn an ama seo cuireadh atheagar ar an gCumann Maithiúnais. I samhradh na bliana 1893 agus é fós sa phríosún toghadh Seán Ó Dálaigh mar theachta Parlaiminte do Chathair Luimnigh d'aon ghuth ach ar ndóigh dícháilíodh é. Go gairid ina dhiaidh sin ainmníodh é mar Ard-Shirriam don chathair chéanna.

I ndeireadh thiar, chuaigh an t-éadóchas i bhfeidhm ar Sheán chomh mór sin gur mhothaigh sé go mb'fhearr leis bás a fháil ná foighneamh lena raibh le fulaingt aige san áit dhamanta sin. Mar sin chuaigh sé ar stailc ocrais. Cé go ndearnadh iarracht ar é a bheathú le héigean bhí sé soiléir nach fada a mhairfeadh sé. Mar sin le heagla go bhfaigheadh sé bás sa phríosún agus go gcuirfí iallach ar na



*Máthair an Cheannfoirt Éamonn Ó Dálaigh, Caitríona agus a hiníonacha, ó chlé, Úna, Laura, Nóra, Máiréad agus Cearraí. Bhí Caitlín agus Eibhlín as láthair, agus Éamonn básaithe ag Gallaibh.*

húdaráis fiosrú iomlán a dhéanamh ní hamháin faoin a bhás ach faoin gcaoi ar ciontaíodh é agus an droch-íde a tugadh dó agus é sa phríosún, scaoileadh amach é ar choinníoll, 15 Lúnasa 1896.

Bhí a mheabhair chomh folláin le riamh ach bhí dochar mór déanta dá shláinte. Dar le halt a foilsíodh san *Irish Independent*, 20 Lúnasa 1896, bhí a aghaidh tanaí, snoite agus dath an bháis uirthi agus seanfhear liath ba ea é dar leis an *Limerick Leader* i dtrátha an ama chéanna.

Tar éis dó tréimhse a chaitheamh i bPáras ag cruinniú nirt d'fhill sé ar Éirinn. Ba gheall le filleadh rí ar a dhúiche an turas a thug Seán ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach. Bhí na sluaite roimhe ag gach stáisiún ar an mbealach le fáiltiú roimhe. Bhí méara Luimnigh Micheál Ó Ciosóg, an tArd-Shirriam agus na sluaite eile ag fanacht leis ag stáisiún Luimnigh. Bhí bannaí ceoil, tinte cnámh agus bairillí tarra ar dhearglasadh le fáiltiú roimhe. Deirtear go raibh 20,000 i láthair ag dealbh Uí Chonaill nuair a labhair sé leis an slua agus é ag breith buíochais leo.

Go luath ina dhiaidh sin labhair sé ag cruinnithe ar fud na tíre ar son na bpríosúnach a bhí fós faoi ghlas. Luaigh sé ach go háirithe a sheanchara, Tomás Ó Cléirigh, agus an drochchuma a bhí air. Thug sé sraith léachtaí i Meiriceá faoi choimirce Sheáin Uí Dhubhuí. Óráidí oilte agus léannta ba ea é dar le Ó Dubhuí.

Iar bhfilleadh dó as Meiriceá ar an 23 Eanáir 1899 toghadh Seán Ó Dálaigh mar Mhéara Luimnigh. Trí bliana as a chéile bhain sé an gradam sin amach. Ar 25 Meán Fómhair 1898 scaoileadh Tomás Ó Cléirigh saor as príosún. Chuaigh Seán go Londain le fáiltíu roimhe. Ar an 2 Márta 1899 agus Seán fós mar Mhéara bronnadh saoirse chathair Luimnigh ar Thomás.

Is iontach mar a sheas muintir Luimnigh, cosmhuintir na cathrach ach go háirthe, leis an "meirleach" seo a chónaigh ina measc.

Thug Seán cuireadh do Thomás teacht go Luimneach mar ar chónaigh sé féin in éineacht lena dheirfiúr chéile Caitríona, céile a dhearthár Éamonn nár mhair, a hochtar iníon agus a haon mhac Éamonn Óg nó Ned mar a thug a chlann air. Thit Tomás i ngrá le

Caitlín Ní Dhálaigh, duine den ochtar. Nuair nár éirigh le Tomás post d'fháil in Éirinn d'imigh sé leis go Meiriceá mar ar phós sé féin agus Caitlín ar 16 Iúil 1901. Ba é an Maor Seán Mac Giolla Bhríde, duine eile de laochra na Cásca, a bhí mar fhear cuideachta acu.


[Fuair Éamonn Ó Dálaigh, athair an Cheannfoirt Éamonn Ó Dálaigh, bás ar 9 Meán Fómhair 1890 in aois a daichead is a dó. Rugadh a mhac Éamonn ar 25 Feabhra 1891.]

Bhí Tomás gníomhach sna cumainn Ghaeilge agus Cheiltise i Meiriceá. Rinne sé iarracht an Ghaeilge, ceol, rincí agus cultúr na hÉireann a scaipeadh i measc na nÉireannach thall ach d'ainneoin sin agus go raibh faoi seo ag éirí go maith leis féin agus le Caitlín ó thaobh eacnamaíochta de agus cé go raibh leisc nó b'fhéidir eagla ar Chaitlín faoin a raibh i ndán dóibh sa todhchaí, ba mhian le Tomás filleadh ar Éirinn agus beart a dhéanamh ar son na tíre, rud a rinne sé sa bhliain 1907.

Faoi seo bhí an spiorad náisiúnta in ísle brí sa tír. Chuir Tomás faoi i mBaile Átha Cliath mar ar oscail sé siopa tobac i 55 Sráid Amiens. Níorbh fhada go raibh sé ag obair ar a dhícheall don Bhráithreachas. Nascadh dlúthchairdeas idir é agus Seán Mac Diarmada, an fear ba gheanúla ar na laochra uile, fear sciamhach, meidhreach, cleasach, cainteach ach fear a bhí lán dáiríre faoin aidhm a chuir sé roimhe agus a bhí dílis go bás don aidhm sin.

Le cabhair airgid ó Sheán Ó Dálaigh bhunaigh siad beirt páipéar dar teideal *Irish Freedom*. Foilsíodh an chéad eagrán den pháipéar ar 15 Samhain 1910. Dar le Gearóid Mac Spealáin sa leabhar úd "Cathair Luimnigh" ba é Tomás Ó Cléirigh príomh-threoraí an phoblachtais in Éirinn ó 1908 i leith agus gurbh é a shiopa siúd an t-ionad cruinnithe ba choitianta a bhíodh ag muintir na poblachta. Níor ghnáth leis áfach aon chinneadh a dhéanamh ná beartas a chur i gcrích gan dul i gcomhairle i dtosach lena sheanchara i Luimneach, Seán Ó Dálaigh – L'Eminence Grise b'fhéidir go bhféadfaí a thabhairt air mar d'ainneoin go raibh an phairilis mhall air faoin tráth seo ba mhór é a thionchar ar náisiúntóirí na linne.

Sa bhliain 1911 chuir Tomás aithne ar Phádraic Mac Piarais. Bhí



*Caitlín Bean Thomáis Uí Chléirigh (Caitlín Ní Dhálaigh) agus a dtriúr mac, ó chlé, Tomás, Emmet agus Dálach.*

ard-mheas acu ar a chéile. Ceapadh Tomás ar Ard-Chomhairle an Bhráithreachais agus uaidh sin amach bhí an-tionchar aige ar an eagraíocht sin. Rinne sé deimhin de go mbeadh ionadaithe den Bhráithreachas ins gach eagras náisiúnta – Conradh na Gaeilge, na Fianna, Sinn Féin, na hÓglaigh, Cumann Lúthchleas Gael agus eile.

Chuaigh sé féin sna hÓglaigh nuair a bunaíodh iad sa bhliain 1913. Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach agus gur tharla scoilt sna hÓglaigh ní call a rá gur chuir Tomás go láidir in aghaidh an Réamannaigh agus a chomhghleacaithe a bhí sásta dul in arm Shasana. Óglaigh na hÉireann a tugadh feasta orthu siúd a d'fhan dílis dá seanaidhmeanna agus na hÓglaigh Náisiúnta a tugadh orthu siúd a thaobhaigh leis an Réamannach.

Chabhraigh Tomás Ó Cléirigh agus Seán Ó Dálaigh go mór le Fianna Éireann. I Sráid Bheag an Bhearánaigh a bhí a gceanncheathrú ag Fianna Éireann i Luimneach. B'iomaí duine cáiliúil a thagadh le léacht agus misneach a thabhairt dóibh. Orthu siúd bhí Pádraig Mac Piarais, Toirealach Mac Suibhne, Ruairí Mac Asmaint, Seán Mac Diarmada, Conchúr Colbard, Earnán de Blaghd agus go fiú Eoin Mac Néill. D'fhanaidís uile i dteach Uí Dhálaigh agus thapaídís an deis le dul i gcomhairle le Seán faoi chúrsaí na tíre agus a raibh á mbeartú acu.

Ar na daoine a bhíodh ag scríobh do *Irish Freedom* nó *Saoirse na hÉireann* bhí Pádraig Mac Piarais, Brian Ó hUiginn. Toirealach Mac Suibhne agus Earnán de Blaghd.

Faoin am seo bhí an Dálach Óg, Éamonn, an t-aon mhac amháin a rugadh d'Éamonn, deartháir Sheáin, agus dá bhean Caitríona ag fás aníos agus spiorad na náisiúntachta ag borradh ann. Ar dtús agus é i Luimneach chuaigh sé sna Fianna agus ina dhiaidh sin iar ndul go Baile Átha Cliath dó chuaigh sé sna hÓglaigh. Níorbh fhada gur deineadh captaen de agus ina dhiaidh sin ceannfort. Bhí sé mar chaptaen ar bhuíon de na hÓglaigh a bhí i láthair nuair tugadh lasta arm i dtír i mBinn Éadair i mí Iúil 1914. Ag tagairt dó don eachtra sin dúirt Seán Mac Diarmada i litir a scríobh sé go Seán Ó Dálaigh "Cúis áthais dom a rá go ndearna Éamonn cion fir i rith an lae ar fad".

I mí na Nollag 1914 ar chomhairle agus arís le cabhair airgid ó Sheán Ó Dálaigh eisíodh páipéar nua, in ionad *Irish Freedom* a cuireadh faoi chois, *Scissors and Paste*.


Sa bhliain 1915, nuair a coscadh air cónaí i mBaile Átha Cliath nó sa cheantar thart air tháinig Roibeárd Monteith go Luimneach le heagar a chur ar na hÓglaigh tar éis gur briseadh as a phost é sa tSuirbhéireacht Ordanáis. I mí Mheán Fómhair na bliana sin ar chomhairle Thomáis Uí Chléirigh d'imigh seisean go Meiriceá agus ina dhiaidh sin go Munich na Gearmáine le cabhrú le Mac Asmaint. Is féidir a léamh faoin eachtra sin sa leabhar úd a scríobh Monteith dar teideal "Casement's Last Adventure".

D'fhás dlúthchairdeas idir an Piarsach agus Seán Ó Dálaigh agus chabhraigh Seán leis agus é ag iarraidh airgead a bhailiú do Scoil Éanna. Ag labhairt dó faoi Sheán dúirt an Piarsach i litir "Chím im aigne anois é, ina shuí ina sheomra féin ag feitheamh agus ag faire. An dá chuimhne is uaisle dá bhfuil agam, cuimhne ar eisean agus ar Sheán Ó Dubhuí."

Bhí Tomás Ó Cléirigh mar uachtarán ar an gcoiste a d'eagraigh sochraid Uí Dhonnabháin Rosa agus ba é a d'iarr ar an bPiarsach óráid a dhéanamh ag an uaigh lá na sochraide agus a mhol dó bheith fíochmar, tréan, lasánta i mbun óráide dó. Rinne an Piarsach rud air agus tá clú agus cáil ar an óráid a thug sé uaidh an lá sin agus is eol do chách cé mar a mhúscail sé misneach agus meanma sa slua mór a bhí bailithe le chéile an lá suntasach sin le héisteacht leis.

Bhí socair ag Ard-Chomhairle an Bhráithreachais troid a dhéanamh a luaithe is a gheobhaidís an uain ach an socrú sin a choinneáil ina rún go ceann scathaimh. Bhí ag teip ar Mac Asmaint san iarracht a bhí á déanamh aige briogáid a chur ar bun sa Ghearmáin ach bhí súil fós le cabhair fear, gunnaí agus armlóin on tír sin.

Bhí craobh láidir de Chumann na mBan i Luimneach. Orthu siúd a bhí páirteach sa chraobh sin bhí Máiréad Ní Dhálaigh agus a deirfiúracha. Tionóladh an chéad chruinniú i halla Chonradh na Gaeilge. Ina dhiaidh sin thóg siad seomra ar cíos i Sráid Liam agus i



*An Seanóir Seán Ó Dálaigh, Fínín agus Méara Luimnigh (1899-1902)*

ndeireadh thiar d'aistríodar go Halla Fhianna Éireann i Sráid Bheag an Bhearánaigh. Ní hamháin gur fhoghlaim na baill garchabhair le go mbeidís réidh le freastal orthu siúd a bhí gonta ach bhaineadar úsáid as an raon raidhfil a bhí ansin agus bhí le maíomh ag Nóra Ní Dhálaigh a fheabhas a bhí urchar aici.

Faoin bhliain 1916 bhíodh máirseáil agus cleachtadh arm ar siúl go féiltiúil ag Óglaigh Éireann ar fud na tíre. Bhí na húdaráis i dteannta. Ba dheacair na gunnaí a bhaint d'Óglaigh Éireann gan Óglaigh an Réamannaigh a dhí-armáil freisin.

Ag cruinniú d'Ard-Chomhairle an Bhráithreachais i gCluain Tarbh, mí Eanáir 1916, socraíodh go rachfaí i ngleic leis na Sasanaigh ar an gcéad chaoithiúlacht. Ar ndóigh bhí Tomás Ó Cléirigh i láthair ag an gcruinniú sin agus flosc chun gníomhartha air. Socraíodh freisin gurbh ón bPiarsach amháin a ghlacfadh baill an eagrais orduithe feasta. Idir an dá linn bhí socruithe á ndéanamh ag an gComhairle Mhíleata go n-éireoidís amach Domhnach Cásca.

Bhí Seán Mac Diarmada mar rúnaí agus Tomás Ó Cléirigh mar chisteoir ar Ard-Chomhairle an Bhráithreachais agus Donchadh Mac Con Uladh mar uachtarán ag an tráth seo.

Faoi seo bhí an Conghaileach ag éirí mí-fhoighneach leis na hÓglaigh agus leis an mBráithreachas frí chéile agus ag bagairt orthu go n-éireodh sé féin agus Arm na Saoránach amach dá n-uireasa dá ndéanfaidís tuilleadh moille. Mar sin 19 Eanáir 1916 cuireadh Proinsias Ó Dálaigh agus Éamonn de hÓir, mac léinn leighis as an nGleann i gCo Luimnigh, in éineacht leis an gCeannfort Éamonn Ó Dálaigh, le h-iarraidh ar an gConghaileach teacht chun cainte leis an gComhairle Mhíleata agus go leagfaidís na pleananna a bhí réithithe acu os a chomhair. Thoiligh an Conghaileach teacht in éineacht leo. Lean an cruinniú ar feadh cúpla lá. Ba chosúil go raibh an Conghaileach sásta lena gcuid pleananna. Chuaigh sé faoi mhionn an Bhráithreachais agus tugadh isteach ar an gComhairle Mhíleata é.

Thart ar 5 Feabhra 1916 fuair Clan na Gael teachtaireacht ón gComhairle Mhíleata ag iarraidh orthu teagmháil a dhéanamh le hoifigigh na Gearmáine agus a rá leo go raibh Éirí Amach beartaithe do Dhomhnach Cásca 23 Aibreán 1916 agus ag iarraidh orthu long arm a sheoladh chucu. Sheol Díreachtóireacht Réabhlóide Chlan na Gael a n-achainí chuig Bernstorff, Ambasadóir na Gearmáine i Washington, agus tháinig comhaontú ón Ghearmáin.

Polasaí cosanta agus ní polasaí ionsaithe ba chóir a bheith ag na hÓglaigh dar le Eoin Mac Néill. Dá ndéanfaí iarracht coinscríobh a chur i bhfeidhm in Éirinn nó na hairm a bhaint de na hÓglaigh ba chóir seasamh ina gcoinne. Fórsa míleata a bhí sna hÓglaigh dar leis agus ní fórsa míleatach. Ach fórsa míleatach a bhí sa Bhráithreachas agus beartaithe acu éirí amach agus pleananna dá réir déanta acu. Bhí comhaltaí acu ins na poist ba thábhachtaí sna hÓglaigh agus sa chaoi sin smacht nach beag acu orthu. Go luath sa bhliain 1916 glacadh leis an gcuid ba mhó de chinnirí na nÓglach ar fud na tíre mar chomhaltaí den Bhráithreachas.

Sé sheachtain roimh an Éirí Amach tugadh ceannfoirt na gcathlán as na ceantair éagsúla ar fud na tíre go Baile Átha Cliath agus dúradh leo a bheith ullamh don slógadh agus do na hinlíochtaí a bhí beartaithe acu don Cháisc. D'eisigh an Piarsach, mar Stiúrthóir Eagair a chuid Orduithe Ginearálta do na hinlíochtaí, 3 Aibreán 1916. Thart ar lár na míosa foilsíodh an doiciméad úd ar a tugadh doiciméad an Chaisleáin. Is ábhar spairne idir staraithe an doiciméad seo ó shin. Leag go leor díobh ar an bPluincéadach é ach níor chreid m'athair, Éamonn de hÓir, agus go leor fáthanna aige leis, i bhfíre an doiciméid agus gur ó lucht Rialtais sa Chaisleán a d'eascair sé.

Ar an 19 Aibreán chuaigh an Ceannfort Micheál Colivet, a bhí i gceannas ar na hÓglaigh i Luimneach go Baile Átha Cliath, mar ar dhaingnigh sé na socruithe a bhí déanta don Éirí Amach agus na



*Seán Ó Dálaigh, Tomás Ó Cléirigh agus Seán Mac Diarmada*




*Éamonn agus Nóra de hÓir (Ní Dhálaigh)*
*athair agus máthair Nóra de hÓir, údar an leabhair seo*

horduithe a bhí faighte aige roimhe sin. Bhí orduithe faighte ag Óglaigh Thrá Lí faoi dhíluchtú na n-arm. Bhí scéala curtha go dtí an Ghearmáin nach raibh an long arm, an *Aud* le teacht go Trá Lí roimh an 23 Aibreán, scéala nach bhfuarthas.

Tháinig an *Aud* 20 Aibreán agus gan aon choinne leis. Ar 21 Aibreán gabhadh Mac Asmaint. Ar an Satharn, 22 Aibreán thug Laura Ní Dhálaigh scéala go Luimneach ag deimhniú, d'ainneoin a raibh tar éis tarlú, go gcuirfí tús leis an Éirí Amach, mar a bhí socraithe, ar an Domhnach 23 Aibreán ar a sé a chlog iarnóin agus go raibh Eoin Mac Néill sásta dul i bpáirt leo. An oíche sin áfach chuir Eoin Mac Néill horduithe cealaithe ar fud na tíre agus chun treise a chur leis na horduithe sin, chuir sé fógra sa *Sunday Independent* go raibh inlíochtaí an Domhnaigh curtha ar ceal. Tháinig an Rathaileach go teach Uí Dhálaigh ar an Domhnach le horduithe cealaithe Mhic Néill. Bhí tranglam díomá agus dul trí chéile sa teach iar gcloisteáil na n-orduithe sin dóibh.

Ar an Domhnach tháinig an Chomhairle Mhíleata le chéile i Halla na Saoirse agus chinn siad ar eagla mí-thuisceana go ndéanfaidís frith-orduithe Mhic Néill don Domhnach a dhaingniú ach go ndéarfaidís leis na ceannairí bheith réidh le haghaidh tuilleadh orduithe a sheolfaí chucu go luath mar bhí socraithe acu go n-éireoidís amach Dé Luain, um mheán lae, ainneoin a raibh tar éis tarlú le bac a chur leo. Ar a hocht a chlog iarnóin cuireadh teachtairí go dtí na ceannairí ar fud na tíre ag deimhniú dóibh go gcuirfí tús leis an Éirí Amach Dé Luain um mheán lae.


Maidin Shathairn d'fhág Caitlín Uí Chléirigh slán le Tomás agus gan aon choinne aici len é a fheiceáil arís ina bheo. Chaith Tomás an oíche sin lena chara Seán Ó Mathúna in óstán Mhuintir Phléiminn. Chreid Tomás Ó Cléirigh go diongbhálta, faoi mar a dúirt sé lena bhean nuair a d'fhill sé abhaile go díomách Dé Domhnaigh, gur imir Mac Néill feall orthu, tar éis dó dul i gcomhairle oíche Shathairn, le scata daoine, dar le Tomás, nach raibh baint dá laghad acu leis an ngluaiseacht mhíleata ach a bhí ar aon aigne le Mac Néill.


Thursday

Dearest Mamma
Just a few lines by K. who is going down.
Things here are very tense, no one knows what might happen. However there's not much cause for you to worry as if trouble starts I will not be just in the firing line—because of being a boss I suppose. Besides I will be wearing a new armour that will stop most things. I must stop here but I suppose it will be some weeks before I can write again, I now there are many things in my head which I cannot write, but mamma dear, I want to tell you how I knew & appreciate how good you have always been to me & how good all the others have been. Give my love to Every-
Good Bye mamma. Ned

Ned's letter to his Mother
Edward
Mrs Daly
15 Barrington St
Limerick

*Cóip den litir dheireanach a scríobh an Ceannfort Éamonn Ó Dálaigh dá mháthair, Caitríona Uí Dhálaigh (Ní Mheára), Seachtain na Páise, 1916*



*Radharc ar Shráid Uí Chonaill, tar éis an Éirí Amach*

Cuireadh Éilís Ní Fhearaíl go Gaillimh maidin Luain agus Bean Mhig Fhearaigh go Luimneach. "Táimid ag dul i mbun comhraic Dé Luain. Comhlíonaigí bhur n-orduithe" an teachtaireacht a cuireadh chucu agus í sínithe ag an bPiarsach. Bhí Óglaigh Luimnigh trí chéile. Na horduithe a tugadh dóibh bhíodar mar a déarfá as dáta ón uair gur gabhadh an Aud. Mar sin chinn siad ar gan dul i mbun gnímh.

San idirlinn bhí Óglaigh Bhaile Átha Cliath tar éis dul i mbun arm. Ghluais suas le céad caoga fear ó Halla na Saoirse agus um mheán lae ghabh Tomás Ó Cléirigh, Pádraig Mac Piarais, Séamas Ó Conghaile, Seán Mac Diarmada, Seosamh Pluincéad agus na fir a bhí ina dteannta seilbh ar Ard-Oifig an Phoist in ainm na Poblachta. Léigh Pádraig Mac Piarais Forógra na Cásca a bhí sínithe ag seachtar acu roimh ré agus chun tosaigh orthu uile bhí ainm Thomáis Uí Chléirigh. Bhí an lasair sa bharrach.

I dtrátha an ama chéanna ghabh slua fear faoi cheannas an Cheannfoirt Éamonn Ó Dálaigh, Beairic Halla an Lín. Thiomáin siad saighdiúirí an rí as Tobar Bhríde agus ghlac seilbh ar na Ceithre Cúirteanna mar ar throid siad go fíochmhar i rith na seachtaine.

Faoin Mháirt bhí sé soiléir do mhuintir Uí Dhálaigh nach raibh Óglaigh Luimnigh ag dul i gcomhrac agus chinn Laura agus Nóra Ní Dhálaigh go rachaidís go Baile Átha Cliath féachaint an bhféad-faidís cabhair ar bith a thabhairt dá ndeartháir Éamonn a bhí i lár an ghleo. Sa traein dóibh casadh Éamonn de hÓir, a luaigh mé cheana, céile Nóra ina dhiaidh sin, orthu. Bhí seisean freisin ag triall ar Bhaile Átha Cliath agus é ag súil go bhféadfadh sé cion fir a dhéanamh.

Oíche Dé Máirt nuair a shroich siad i ndeireadh thiar Ard-Oifig an Phoist chinn na cinnirí go gcuirfidís Nóra go Corcaigh agus Laura go Luimneach an mhaidin dar gcionn le scéala go raibh Óglaigh Bhaile Átha Cliath faoi airm agus go raibh siad ag brath orthu tacaíocht a thabhairt dóibh. Mar is eol do chách, turas in aisce a bhí acu beirt. Cé is moite de Ghaillimh mar a raibh Liam Ó Maoilíosa, Inis Córthaidh i gCo Loch Garman, Cill Dhéagláin i

gCo na Mí, ba bheag a tharla ar fud na tíre.


D'fill Nóra Ní Dhálaigh ar Luimneach Déardaoin is í go díomách. Ba mhaith a thuig sí faoi seo nach raibh Óglaigh Chorcaí ná Luimnigh le dul i gcomhrac agus nach fada eile a sheasfadh Óglaigh Bhaile Átha Cliath in éadan fhórsaí na Breataine agus gurbh é an bás a bhí i ndán dá dearthair Éamonn agus dá dearthair céile, Tomás Ó Cléirigh. Maidir le Seán Ó Dálaigh, an seanlaoch, ba thrua leis nach raibh sé lena chairde i mBaile Átha Cliath ag seasamh an fhóid in aghaidh an tsean-namhad. "D'imir siad cleas orm," a deireadh sé le gáire dóite.

Faoin Aoine bhí Ard-Oifig an Phoist timpeallaithe ag saighdiúirí na Breataine agus í trí thine. Rinne an Rathaileach agus díorma beag fear ina theannta, ar a raibh Éamonn de hÓir, iarracht rúid a thabhairt amach as Oifig an Phoist, tabhairt faoi arm na Breataine agus iad a ruaigeadh amach as Sráid Uí Mhórdha. Mar is eol do chách theip ar an iarracht sin agus maraíodh thart faoi ochtar, ina measc an Rathaileach féin.

Chinn na cinnirí ar géilleadh. B'fhearr le Tomás Ó Cléirigh troid go h-éag ach ghéill sé do thoil an mhóraimh. Tráthnóna Sathairn tháinig scéala nó ordú ón bPiarsach go dtí an Ceannfort Éamonn Ó Dálaigh, a bhí fós ag troid go fíochmhar sna Ceithre Cúirteanna, go raibh sé le géilleadh. Ba dhoiligh leis sin a dhéanamh ach ní raibh dul as aige.

Mháirseáil sé féin agus a chuid fear go Sráid Uí Chonaill. Tráthnóna breá álainn a bhí ann. Bhí dearglasracha ag éirí ó fhoirgnimh na cathrach agus cé go mba thruamhéileach an radharc é, chuir sé ar bhealach éigin, le háilleacht an tráthnóna. Ghluais an Dálach Óg agus na fir a bhí ina theannta, an Chéad Chathlán de na hÓglaigh, go mall maorga gur stad siad, os comhair an Gresham amach agus leag uathu a n-airm. Thug an Dálach céim chun tosaigh agus rinne cúirtéis. Chuaigh a iompar chomh mór sin i gcion ar an oifigeach airm a bhí ag glacadh lena ngéilleadh, an Maor De Courcy-Wheeler, gur fhreagrair sé an chúirtéis.

Tugadh na ceannairí os comhair cúirte agus daoradh iad chun




*Paráid ag na hÓglaigh roimh an Éirí Amach*


báis, cúigear déag ar fad agus í mí Lúnasa Ruairí Mac Asmaint. Dar le Liam Ó Briain sa leabhar úd a scríobh sé, *Cuimhní Cinn,* bhí gáire ar Thomás Ó Cléirigh agus é faoi ghlas i mBeairic Risteamain oíche Dhomhnaigh. "Bhí sé de shástacht aige Óglaigh d'fheiceáil cruinnithe timpeall air ag tabhairt dúshlán an namhad, rud nár éirigh leis na Fíníní a dhéanamh leathchéad bliain roimhe sin."

Roimh bhás dó ar an 3 Bealtaine i bpríosún Chill Mhaighneann in éineacht leis an bPiarsach agus Tomás Mac Donncha, d'fhág sé an teachtaireacht seo a leanas ag muintir na hÉireann: "Creidim féin agus mo chomh-shínitheoirí" a dúirt sé, "gur bhuaileammar an chéad bhuille rathúil ar son na saoirse. Éireoidh leis an gcéad bhuille eile a bhuailfear agus níl aon amhras orm ná go mbuailfear an buille sin agus, ós é ár gcreideamh, is go sonasach a thugaimid aghaidh ar an mbás".

Ag labhairt dó faoi Éamonn Ó Dálaigh dúirt Liam Ó Briain, "Saighdiúir debonair ba ea é ar chuma sa diabhal leis, déarfá, céard a thiocfadh, bás nó beatha. Bhí a dhualgas déanta aige, a chuid orduithe comhlíonta aige, b'shin a raibh ann. Ní raibh duine ba mhó a raibh iompar saighdiúra faoi. Shiúladh sé sráideanna na cathrach in éineacht lena chara an Captaen Séamas Ó Súilleabháin, céile Laura Ní Dhálaigh ina dhiaidh sin, éide oifigigh d'Óglaigh na hÉireann go péacach orthu beirt, claíomh feistithe go córach ar a gcliathán agus bheannaíodh saighdiúirí Sasanacha dóibh mar go gceapaidís gurbh oifigigh dá gcuid féin iad."

Ba bhreá sásta a bhreathnaigh sé oíche an Domhnaigh agus é i mBeairic Risteamain, dar le Liam, troid mhaith déanta aige. Ba mheidhreach meanmneach a chan sé dóibh an oíche úd *When a Man's in Love*, amhrán le Gilbert and Sullivan. An oíche sular lámhachadh é thug triúr deirfiúr leis cuairt air, Máiréad agus Laura Ní Dhálaigh agus Caitlín Uí Chléirigh. Fuair siad é agus é ina chodladh go sámh ar urlár an chillín. B'fhacthas dóibh nach raibh scáth ná eagla air roimh an bhás. Dúirt sé leo a rá lena uncail Seán go ndearna sé a dhícheall ar son na cúise, fiú má theip orthu.

Ar an 12 Bealtaine cuireadh deireadh leis an eirleach nuair a




*Óglaigh a goineadh sa troid agus iad in ospidéal sealadach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath*

lámhachadh Séamas Ó Conghaile agus Seán Mac Diarmada. I litir a scríobh Mac Diarmada chuig Seán Ó Dalaigh agus é ag fágáil slán ag an seanlaoch, dúirt sé: "táimid ag fáil bháis chun go mairfidh an náisiún. Lochtaíodh postacháin an lae inniu sinn más mian leo; an mhuintir a thiocfaidh in ár ndiaidh tabharfaidh siad-siúd breith chóir orainn."

Ar an 30 Meitheamh, i 15 Sráid an Bhearánaigh i Luimneach, d'éag Seán Ó Dálaigh. Tháinig a chairde ó chian is ó chóngar le slán a fhágáil leis nuair a cuireadh é i reilig Naomh Lorcán. Bhí a shochraid, deirtear, ó Eaglais Naomh Micheál go dtí an reilig míle ar fhad. Tá crois Cheilteach os cionn a uaighe.

Sa bhliain 1966 chuir Cumann Sheandalaíocht Thuadh-Mhumhan plaic ar an teach in ar chónaigh sé i Sráid an Bhearánaigh in onóir dó agus don Cheannfort Éamonn Ó Dálaigh. Ar Dhroichead an tSáirséalaigh ag éirí in airde go maorga os cionn na Sionainne, tá leacht in onóir do laochra na Cásca, ar a bhfuil ainmneacha iad siúd uile a thit sa choimhlint sin, dealbh de Thomás Ó Cléirigh agus méar á síneadh aige i dtreo an fhorógra agus ar a bharr tá an Ceannfort Éamonn Ó Dálaigh féin, chomh péacach céanna agus a bhí sé an lá úd i Sráid Uí Chonaill agus slabhra na daoirse á scaoileadh aige.

(Críoch)